



# Futa Fata – Ábhar Tacaíochta don Seomra Ranga



Dochreidthe!  
le Hilary McKay

Gabhann Futa Fata buíochas le COGG a thacaigh le foilsiú an ábhair thacaíochta seo.

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeilteachta & Gaelscolaíochta



## Faoin Leabhar:

Scéal greannmhar é DOCHREIDTHE! faoi bhuachaill darbh ainm Peadar. Ceapann sé gurb é an duine is leadránaí sa rang é. Tá triúr carad aige agus tarlaíonn eachtraí suimiúla dóibh siúd go minic - ach ní tharlaíonn rud ar bith suimiúil riamh do Pheadar! Leaid ciúin é Peadar agus ní bhíonn mórán foinn air rudaí nua a thriail. Ach tá rud amháin faoi Pheadar nach bhfuil ar eolas ag aon duine: Tá cara aige nár inis sé do dhuine ar bith ar scoile faoi - cara dochreidthe....

## Faoin Údar:

Is as Sasana do Hilary McKay. Tá leár mór leabhar scríofa aici do phaistí. Is í an duine is sine í de cheathrar cailíní. Bhí an-dúil sa léamh aici agus í ag fás suas. Rinne sí staidéar ar an Eolaíocht in Ollscoil Naomh Aindriú. Is sa réimse sin a d'oibrigh sí ar feadh cúpla bliain ach nuair a rugadh clann di, shocraigh sí go mba mhaith léi níos mó ama a chaitheamh leo. D'fhág sí saol na heolaíochta agus de réir a chéile, chuir sí tús lena cuid obair scríbhneoireachta. Is féidir cuairt a thabhairt uirthi anseo – [www.hilarymckay.co.uk](http://www.hilarymckay.co.uk)

## Téamaí an Leabhair:

Cairdeas – Déantar cairdeas a phlé sa leabhar seo agus an bealach a ghlactar le daoine, cuma más ciúin nó aerach iad. Foghlaimíonn an léitheoir go bhfuil rud éigin speisialta faoi gach duine agus nach aon drochrud é bheith difriúil ó dhaoine eile.

Féinmhuinín – D'fhéadfaí a rá gurb é an féinmhuinín an téama is tábhachtaí sa scéal seo. Tá Dara, Brian agus Oisín breá muiníneach astu féin ach níl Peadar. Déantar é sin a léiriú ar bhealach suimiúil agus taitneamhach. Léiríonn an scéal go bhfuil sé ceart go leor a bheith difriúil agus cothóidh an tuiscint sin féinmhuinín an léitheora.





# An Clúdach

Sula léann tú an blurba ar an gclúdach cúil, féach ar an bpictiúr ar an gclúdach tosaigh. Cad é ábhar an scéil seo, dar leat?

Léigh an cur síos ar chúl an leabhair. An bhfuil tuiscint eile agat ar an bpictiúr anois?

Céard a cheapann tú faoin doras atá ar oscailt in íochtar an chlúdaigh – cén fáth a bhfuil an pictiúr sin ann, dar leat?

Cén cinéal scéil a bhfuil tú ag súil leis? Greannmhar? Eachtrúil? Leadránach?

An tÚdar agus an Maisitheoir:

Léigh beathaisnéis an údair agus beathaisnéis an mhaisitheora.

Samhlaigh gur scríbhneoir/maisitheoir tú féin agus scríobh do bheathaisnéis féin sa stíl chéanna, ag freagairt na gceisteanna céanna.



# Caibidil 1

Cúpla ceist faoin téacs:

Cé na cineálacha caitheamh aimsire a bhí ag triúr chara Pheadair?

Cén difríocht mhór a bhí idir Peadar agus a thriúr cara?

Cad a cheap Peadar faoina phearsantacht féin?

Le plé sa rang:

Ar leathanach 8 deir cairde Pheadair nach gceapann siad go raibh sé leadránach mar dhuine.

“Ní deireadh Dara, Brian ná Oisín riamh go raibh Peadar leadránach. Ní deireadh siad é sin mar níor cheap siad go raibh sé leadránach.”

Más fíor an sliocht thuas, cén dearcadh a bhí ag na cailíní sa rang ar Pheadar?

Ag deireadh na caibidle, ar éirigh leis an údar suim an léitheora a mhúscailt? Cén fáth go gceapann sibh é sin?



# Caibidil 2

Cúpla ceist faoin téacs:

Cén fáth nár thaitin cóisirí lá breithe le Peadar?

Déan cur síos ar thrí cineál cóisire a bhí ag Peadar go dtí seo: scríobh ar a laghad trí abairt faoi gach ceann acu.



Cén fáth gur cheap Peadar gurbh uafásach an cineál cóisire an chóisir chodlata?

### Le plé sa rang:

Cén fáth a raibh máthair Pheadair beagainín mífoighdeach leis, dar leis an rang?

Conas a chaithfeadh duine ciúin ar nós Pheadair an deireadh seachtaine? Cé na rudaí deasa a dhéanfadh sé?

Céard iad na cineálacha coisire is fearr a thaitníonn leis an rang? Cén fáth?

### Smaoineamh don rang ealaíne:

Déan dearadh ar chárta chuig an gcóisir lá breithe ba dheise ar domhan a d'fhéadfá a bheith agat (scaoil le do shamhlaíocht!)

## Caibidil 3



### Cúpla ceist faoin téacs:

Cén fáth go raibh cuma neamhghnáthach ar Mhamó Dhara, Bhriain agus Oisín?

An gcreideann tú go raibh na Mamónna chomh gruagach is a deir na buachaillí? Cén fáth?

Cén fáth go raibh Peadar sásta nach raibh a Mhamó féin feicthe ag a chairde?

### Le plé sa rang:

An bhfuil trua agat do Pheadar ag deireadh na caibidle seo? Nó an ndearna sé an cinneadh ceart fanacht ag an gcóisir?

### Smaoineamh don Scríbhneoireacht chruthaitheach:

Cruthaigh carachtar do scéal agus déan cur síos greannmhar air nó uirthi, mar a rinneadh sa chaibidil seo.



## Caibidil 4



### Cúpla ceist faoin téacs:

Cén cur síos a bhí ag Brian ar a athair agus é ag cócaireacht?

Cé na rudaí suimiúla a chuir athair Dhara sa cháca a bhacáil sé?

Samhlaigh gur cara tusa leis na buachaillí seo. Cum scéal cócaireachta faoi do mháthair, d'athair nó duine múinteartha eile atá níos measa (agus níos suimiúla fós!) ná na scéalta a d'inis Brian, Dara agus Oisín.

### Le plé sa rang:

Dá mba rud é go raibh athair Pheadair go dona ag cócaireacht, an mbeadh Peadar ag maíomh faoi ar scoil? Cén fáth, dar libh?

### Smaoineamh drámaíochta:

Tá bialann ann agus tá beirt nó triúr carachtar ina bun nach bhfuil aon rud ar eolas acu faoin gcócaireacht. Tá biachlár an-aisteach á thairiscint acu. Tagann beirt, fear agus bean, chuig an mbialann agus ócáid speisialta á ceiliúradh acu. Cum dráma gearr agus nuair a bheidh sé cumtha ag an ngrúpa, roghnaigh daoine le haisteoireacht a dhéanamh ar an radharc. Déan iarracht tús, lár agus deireadh a bheith leis an scéal.



## Caibidil 5



### Cúpla ceist faoin téacs:

Cén chomhairle a chuir an tréidlia ar mhuintir Bhriain faoina madra?

Cén fáth gur fhág Peadar an comhlúadar nuair a cuireadh ceist air faoina pheata?

### Le plé sa rang:

I gcaibidil 3, 4 agus 5 baineann an t-údar úsáid as an teicníc athrá nó “riail faoi thrí”: déanann sé cur síos ar thrí chóisir éagsúla, ceann i ndiaidh a chéile. Teicníc í seo a úsáidtear go minic i scéalta, agus i jócanna, mar go gcuireann sé le greann agus éifeacht an scéil.

Samplaí eile den riail faoi thrí ná Scéal na dTrí Muc, nó Na Trí Bhéar.

Smaoinigh ar an dá scéal sin do pháistí óga – cé na rudaí a tharlaíonn faoi thrí iontu?

An bhfuil an rang in ann smaoineamh ar shamplaí eile ó scéalta eile nuair a tharlaíonn rud éigin trí huair?





## Caibidil 6

### Cúpla ceist faoin téacs:

Cén biachlár a bhí i gceist ag máthair Pheadair dá chóisir lá breithe?

Peadar bocht! Is léir nach bhfuil sé ag súil leis an gcóisir seo a bheag ná a mhór. Tá an oiread inní air go gceapfaidh a chairde gur daoine leadránacha é féin agus a mhuintir go maslaíonn sé a mháthair agus a mhamó!

Cén áit a dtarlaíonn sé sin sa téacs?

### Le plé sa rang:

‘Tá an chaibidil seo cineál brónach ach tá sé an-ghreannmhar freisin’. An aontaíonn an rang leis an méid sin? Cén fáth?

Sula léann an rang an chuid eile den leabhar, cén deireadh a bheidh leis an scéal, dar libh? Cén deireadh is deise leis an rang de na smaointe a luann daoine éagsúla?

### Smaoineamh don rang ealaíne:

Déan dearadh ar chárta cuiridh Pheadair de réir mar a scríobhfadh sé é agus é buartha go mbeidh sé leadránach. Cad a scríobhfadh sé, meas tú? Léigh amach iad ag an deireadh agus pléigh na teachtaireachtaí éagsúla – cén ceann is mó a cheap an rang a bhí cosúil leis an rud a scríobhfadh Peadar?



## Caibidil 7

### Cúpla ceist faoin téacs:

Cé go raibh cuma shásta ar a thriúr carad an tráthnóna a tháinig siad chuig an gcóisir, cén bhuairt a bhí ar Pheadar?

Cén casadh mór millteach a tháinig ar bhealach ciúin, réidh ar an scéal seo ar leathanach 50?

Tá cur síos ag Brian, ag Dara, agus ag Oisín ar thaibhsí. Cén cur síos is mó a théann i bhfeidhm ort? Cén fáth?

### Le plé sa rang:

Tá muid beagnach ag deireadh an leabhair. Cén críoch a bheidh leis an scéal, dar leis an rang?

### Smaoineamh don scríbhneoireacht chruthaitheach:

Lig ort go bhfuil taibhse i do scoil. Ní scanródh sé páiste go deo, ach is AOIBHINN leis geit uafásach a bhaint as múinteoirí! Déan cur síos ar gheit a bhain sé as na múinteoirí i do scoil....



## Caibidil 8



### Cúpla ceist faoin téacs:

Cé na difríochtaí a bhí idir an taibhse tigh Pheadair agus na taibhsí a ndearna Oisín, Brian agus Dara cur síos orthu sa chaibidil roimhe?

Cén fáth gur cheap Peadar go raibh a chairde ag aisteoireacht?

Bhí comhrá ag Peadar leis an taibhse ach ní hé an saghas comhrá é a mbeifeá ag súil leis le taibhse. Cén sórt pearsantachta a bhí ag an taibhse, dar leat? Píoc amach trí rud a dúirt sé chun do fhreagra a léiriú.

### Le plé sa rang:

Ag deireadh an scéil, cloiseann Peadar an tuairim atá ag a chairde dó féin agus dá mhuintir. Cén difríocht atá idir an tuairim sin agus an tuairim a bhí aige féin?

Cén teachtaireacht atá le baint as an scéal seo?



Scéal é seo faoi bhuachaillí. Dá mba scéal faoi chailíní a bheadh ann agus an téama díreach céanna i gceist leis, an mbeadh sé difriúil ón scéal a scríobh Hilary McKay? Conas?

# Caibidil 8



Futa Fata

